2024/1688

17.6.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1688 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Meitheamh 2024

lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais le haghaidh an líonra um bainistíocht aerthráchta i ndáil leis an gceathrú tréimhse thagartha dar tús an 1 Eanáir 2025 agus dar críoch an 31 Nollaig 2029

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos an creat chun aerspás Eorpach aonair a chruthú (an Creat-Rialachán) ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(3), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Na ceanglais mhionsonraithe maidir le glacadh spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais i bpríomhréimsí feidhmíochta na sábháilteachta, an chomhshaoil, na hacmhainneachta agus na cost-éifeachtúlachta ag an gCoimisiún, leagtar amach iad in Airteagal 9(3) agus (4) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún ([2]).

(2) I gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 9(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, na spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais le haghaidh an cheathrú tréimhse thagartha ('TT4'), tréimhse a chlúdaíonn na blianta féilire 2025 go 2029, tá siad le glacadh roimh an 1 Meitheamh 2024, rud a thabharfaidh am do na Ballstáit pleananna feidhmíochta a ullmhú, pleananna ar cheart a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 1 Deireadh Fómhair 2024 lena measúnú.

(3) Agus é ag ullmhú spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais le haghaidh TT4 , d'fhoilsigh an Coimisiún raonta táscacha maidir le spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais, chun dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 10(3) de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, daoine agus eagraíochtaí ábhartha eile agus, a mhéid a bhaineann le gnéithe sábháilteachta, Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais. Leagadh amach na raonta táscacha maidir le spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais go foirmiúil i gCinneadh (AE) 2023/2481 ón gCoimisiún ([3]), ar bhonn na moltaí a fuarthas ón gComhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta arna ainmniú ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004. I measc na ngníomhaíochtaí comhairliúchán a rinne an Coimisiún, le tacaíocht ón gComhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta, ar na raonta táscacha maidir le spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais, bhí cruinniú pháirtithe leasmhara an 8 Samhain 2023 agus suirbhé ar-líne a bhí ar fáil idir an 4 Deireadh Fómhair 2023 agus an 1 Nollag 2023.

(4) Rinne an Comhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta a thuarascáil deiridh maidir le spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais le haghaidh an ceathrú tréimhse tagartha a chur faoi bhráid an Choimisiúin i mí an Mhárta 2024. Sa tuarascáil sin, leagtar amach go mionsonraithe na toimhdí, an réasúnaíocht agus an anailís is bunús do na spriocanna feidhmíochta a mholtar, na luachanna bonnlíne, na tairsí foláirimh agus na grúpaí comparáide. Tugann an tuarascáil achoimre freisin ar thorthaí an chomhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara dá dtagraítear in aithris (3). Sa tuarascáil, bhain an Comhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta úsáid as na toimhdí tráchta is deireanaí le haghaidh TT4, a chuir Sheirbhís Staidrimh agus Réamhaisnéise Eurocontrol ('STATFOR') ar fáil.

([1]) IO L 96, 31.3.2004, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/549/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerspás Eorpach aonair agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 390/2013 agus (AE) Uimh. 391/2013, IO L 56, 25.2.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/317/oj.

([3]) Cinneadh (AE) 2023/2481 ón gCoimisiún an 10 Samhain 2023 lena leagtar síos raonta táscacha maidir le spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais don líonra bainistíochta aerthráchta le haghaidh an cheathrú tréimhse thagartha (2025-2029), IO L, 2023/2481, 14.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2481/oj.

(5) Maidir leis na spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais le haghaidh TT4 a leagtar amach sa Chinneadh seo, tá siad bunaithe ar an ionchur a fuarthas ón gComhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta, ón mBainisteoir Líonra, ó Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh agus ó na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta, agus cuireadh na comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara san áireamh.

(6) Cumhdaíonn an Cinneadh seo raon feidhme geografach chur i bhfeidhm an scéim feidhmíochta agus muirearaithe, is é sin, na Ballstáit, an Iorua agus an Eilvéis. Maidir leis na spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais le haghaidh TT4 agus na luachanna bonnlíne lena mbaineann, tá siad bunaithe ar bhonn réamhaisnéis tráchta bonnlíne STATFOR a foilsíodh i mí Feabhra 2024, arna sloinneadh i dtéarmaí Rialacha um Eitilt de réir Uirlisí ('IFR') maidir le gluaiseachtaí agus in aonaid seirbhíse. Ar leibhéal uile-Aontas, comhfhreagraíonn an réamhaisnéis tráchta faoi bhealach sin d'iomlán de 9 552 000 gluaiseacht IFR agus 128 933 200 aonad seirbhíse le haghaidh 2024, 9 787 000 gluaiseacht IFR agus 133 040 200 aonad seirbhíse le haghaidh 2025, 10 004 000 gluaiseacht IFR agus 136 927 200 aonad seirbhíse le haghaidh 2026, 10 209 000 gluaiseacht IFR agus 140 566 200 aonad seirbhíse le haghaidh 2027, 10 430 000 gluaiseacht IFR agus 144 385 200 aonad seirbhíse le haghaidh 2028, agus 10 594 000 gluaiseacht IFR agus 147 464 200 aonad seirbhíse le haghaidh 2029.

(7) Na spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta, arna thomhas mar leibhéal éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta le bheith bainte amach ag soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta atá deimhnithe chun seirbhísí a sholáthar, ba cheart dóibh luí amach ar fheidhmíocht sábháilteachta níos mó ná an íos-chomhlíontacht le ceanglais maidir le córais um bainistíocht sábháilteachta sholáthraithe seirbhísí aerloingseoireachta. Ba cheart leibhéal na spriocanna feidhmíochta sin a shocrú agus na nithe seo a chur san áireamh: feidhmíocht iarbhír agus spriocfheidhmíocht i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta le linn an tríú tréimhse thagartha ('TT3') agus na feabhsuithe eile a bhfuil gá leo le linn TT4 i bhfianaise na bhforbairtí rialála agus oibríochtúla is déanaí.

(8) Thairis sin, ba cheart breithniú a dhéanamh ar na hidirspleáchais idir príomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta agus príomhréimsí an scéim feidhmíochta agus muirearaithe, agus a aithint go bhfeidhmíonn an bhainistiú sábháilteachta mar shásra um rialú a áirithíonn go ndéantar tosca eisigineacha nó inginiúla a bhfuil tionchar acu ar shábháilteacht sholáthar seirbhísí aerloingseoireachta a shainaithint go cuí agus go dtugtar aghaidh orthu go cuí. Dá bharr sin, ba cheart fócas sonrach a chur ar fheabhas breise a chur ar chumais i réimse bainistiú riosca sábháilteachta, rud ar cheart dó a bheith faoi réir ag leibhéal feidhmíochta níos uaillmhianaí ná na réimsí bainistiú sábháilteachta eile, mar a bhí in TT3.

(9) Rinne Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh an modheolaíocht is bunús le tomhas an eochairtháscaire feidhmíochta maidir le héifeachtúlacht an bhainistiú sábháilteachta roimh TT4. Is é is aidhm don mhodheolaíocht choigeartaithe ailíniú a áirithiú leis an dea-chleachtas tionscail ábhartha, agus forbairtí rialála agus teicniúla á dtabhairt faoi deara. Mar sin, na coinníollacha le comhlíonadh ag soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta i ndáil le spriocluach ar leith a bhaint amach maidir le héifeachtúlacht bainistiú sábháilteachta, a shainmhínítear mar 'leibhéil chur chun feidhme' agus a théann ó A go D, tá na coinníollacha sin níos déine i gcomparáid le TT3. Mar thoradh ar na hathruithe sin, níl luachanna na spriocanna feidhmíochta sábháilteachta inchomparáide go díreach idir TT3 agus TT4.

(10) Na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh TT4 i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil, arna thomhas mar mheán éifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír, ba cheart do na spriocanna sin a bheith ina léiriú ar Chomhaontú Glas an Aontais. Tá oibleagáidí dlíthiúla bunaithe ag an Aontas faoi Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) chun an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí agus chun laghdú 55 % ar a laghad a bhaint amach ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 i gcomparáid le 1990. Chuige sin, ba cheart do gach earnáil eacnamaíoch, lena n-áirítear aeriompar, cur leis na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa is gá. Ó thaobh bainistíocht aerthráchta ('BAT'), is éard atá i gceist leis sin gur cheart aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar neamhéifeachtúlachtaí eitilte as a eascraíonn ídithe breosla iomarcach agus astaíochtaí gás ceaptha teasa iomarcacha. Ba cheart go gcumhdaítear leis sin maolú, trí bheartais oibríochtúla leordhóthanacha, ar neamhéifeachtúlachtaí de bharr thosca nach bhfuil neart ag soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta orthu, amhail dálaí aimsire agus limistéir chontúirteacha atá dúnta do thrácht.

([4]) Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach'), IO L 243, 9.7.2021, lgh. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1119/oj.

(11) Agus leibhéal na spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais le haghaidh TT4 á suí, ba cheart breithniú ar an bhfeidhmíocht a baineadh amach roimhe sin sa phríomhréimse feidhmíochta sin;na tairbhí measta de thoradh beartais a leagtar amach i bPlean Feabhsúcháin Líonra Aerbhealaí na hEorpa, dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/123 ón gCoimisiún ([5]); agus, iarmhairtí chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin ar shreabha aerthráchta san aerspás.

(12) Thairis sin, ba cheart aird a thabhairt ar idirspleáchas idir príomhréimsí feidhmíochta an chomhshaoil agus na hacmhainneachta. Léirítear le hanailís an Chomhlachta Athbhreithnithe Feidhmíochta go bhfuil dlúthnasc idir feidhmíocht an chomhshaoil agus feidhmíocht na hacmhainneachta. Mar sin, leis na feabhsuithe spriocdhírithe in éifeachtúlacht chothrománach na heitilte in TT4, ceanglaítear soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar aon ghanntanas acmhainneachta atá ann cheana a chuireann teorainn le hinfhaighteacht aerspás d'úsáideoirí agus as a dtagann ruthaig eitilte fo-optamacha chun teacht timpeall ar limistéir phlódaithe.

(13) Ós rud é go dtiocfaidh na bearta oibríochtúla a dhéanfaidh na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta ar an bhfód de réir a chéile le linn TT4, lena n-áirítear na tairbhí a eascraíonn ó na bearta atá beartaithe faoi phlean feabhsúcháin líonra aerbhealaí na hEorpa, agus ós rud é go bhféadfadh fás tuartha an tráchta thar TT4 tionchar a imirt ar chastacht na n-oibríochtaí, ba cheart feidhmíocht chomhshaoil in TT4 a dhíriú chun feabhais trí chur chuige céim ar chéim, agus iarmhairtí chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin ar shreabha aerthráchta i roinnt Ballstáit á gcur san áireamh.

(14) Ós rud é go bhfuil idirspleáchas idir príomhréimsí feidhmíochta na hacmhainneachta agus an chomhshaoil, réimsí a bhfuil achoimre déanta orthu in aithris (12), agus breithniú a dhéanamh ar thábhacht laghdú tionchar comhshaoil BAT chun tacú le cuspóirí Chomhaontú Glas an Aontais a bhaint amach, ba cheart spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais maidir le hacmhainneacht le haghaidh TT4, arna thomhas mar an mheánmhoill i mbainistíocht na sreibhe aerthráchta ('BSAT') faoi bhealach, atá inchurtha i leith seirbhísí aerloingseoireachta, a shocrú ar leibhéal a áirithíonn leibhéal cáilíocht seirbhíse leordhóthanach d'úsáideoirí.

(15) Ba cheart spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais maidir le hacmhainneacht le haghaidh TT4 réiteach tapa agus éifeachtach a chothú maidir leis na ganntanais acmhainneachta BAT atá roimh roinnt soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta le fada. Tugadh saincheisteanna acmhainneachta mar sin faoi deara ón dara tréimhse thagartha ('TT2', 2015-2019) agus tá siad tagtha ar ais ar lorg ghéarchéim COVID-19, rud as a d'eascair, i go leor cásanna, torthaí mar laghdú suntasach nó fionraíocht ar oiliúint rialtóirí aerthráchta nua, fiú le haghaidh na n-ionad rialaithe limistéir ('ACCanna') ina raibh an líon rialtóirí aerthráchta ró-íseal roimhe sin chun freastal leordhóthanach ar an éileamh tráchta. Mar sin, i gcodanna den Aontas, go háirithe i líon teoranta ACCanna i gcroílár na hEorpa, ní raibh acmhainneacht BAT leordhóthanach chun do ndéantar freastal ar theacht aniar an aerthrácht tar éis laghdú mór tráchta a tharla le linn phaindéim COVID-19.

(16) Thairis sin, na hathruithe ar thrácht de thoradh ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, athruithe a chuir le méadú suntasach sa líon eitiltí i roinnt Ballstát de bharr athrú shreabha aerthráchta, ba cheart iad a chur san áireamh. Is dúshlán an cás sin do na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta lena mbaineann, agus beidh orthu freastal ar mhéideanna tráchta arda agus atá ag fás freisin thar TT4. Is measa fós an dlúthú shreabha aerthráchta i roinnt áiteanna arna bhreathnú mar gheall gur dúnadh roinnt codanna den aerspás don aerthrácht sibhialta, aerspás atá faoi riar na Ballstáit i gcomharsanacht don teorainn leis an Úcráin.

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/123 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2019 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le feidhmeanna líonra bainistíochta aerthráchta (BAT) a chur chun feidhme agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 677/2011 ón gCoimisiún, IO L 28, 31.1.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/123/oj.

(17) Ar deireadh, ba cheart aird a thabhairt ar bhearta feabhsú acmhainneachta sholáthraithe seirbhísí aerloingseoireachta atá san áireamh sa Phlean Eorpach um Oibríochtaí Líonra dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/123 cheana féin. San eagrán is déanaí den Phlean Eorpach um Oibríochtaí Líonra atá ar fáil, a chumhdaíonn an tréimhse ama 2023 - 2027 ([6]), tá feabhsúcháin acmhainneachta luaite i gcás an chuid is mó de na ACCanna a cuireadh go mór le meánmhoilleanna ATFM roimhe seo, ina measc cur i bhfeidhm córais BAT úrscothacha agus arduirlisí rialú aerthráchta (ATC). Bunaithe ar an anailís atá ar fáil, cuirfidh na hinfheistíochtaí sin feabhas suntasach ar fheidhmíocht acmhainneachta na ACCanna sin i gcaitheamh TT4. Tá coinne le tairbhí oibríochtúla sonracha le linn TT4 ó chuid feidhmíochta BAT de Chomhthionscadal a hAon SESAR agus a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/116 ón gCoimisiún ([7]), a úsáidfear le linn chreat ama TT4.

(18) De réir an Phlean Eorpach um Oibríochtaí Líonra dá dtagraítear in aithris (17), tá coinne go mbeidh dúshláin roimh ACCanna maidir le freastal don éileamh tráchta réamh-mheasta le linn céad blianta TT4, go háirithe de dheasca leibhéil neamhleor leanúnacha soláthar foirne rialtóirí aerthráchta. Ba cheart do na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta lena mbaineann dul i muinín gach beartas atá ar fáil dóibh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna acmhainneacht struchtúrtha agus foirne arna bhreathnú, agus chun aon éifeacht diúltach ar fheidhmíocht an líonra a íoslaghdú. Tá spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais maidir le hacmhainneacht bunaithe ar an toimhde go ndéanfar dul chun cinn sa chaoi a bpléitear le ganntanais acmhainneachta faoi dheireadh TT3 agus go gcuirfidh soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta acmhainneacht shuntasach bhreise ar fáil le linn TT4 ag tús na tréimhse sin.

(19) I gcás ina bhfuil trácht mór breise os comhair Bhallstáit agus méadú suntasach i gcastacht na n-oibríochtaí, agus an dá rud sin de bharr athrú shreabha aerthráchta de thoradh ar an gcogadh san Úcráin dá dtagraítear in aithris (16), déanann an cás sin go bhfuil sé níos deacra comhsheasmhacht le spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais maidir le hacmhainneacht le baint amach don Bhallstát lena mbaineann. Dá réir sin, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann faisnéis leordhóthanach a chur i láthair, ina dhréachtphlean feidhmíochta, ar an tionchar oibríochtúil atá ar a sholáthraithe seirbhísí aerloingseoireachta de bharr an chogaidh san Úcráin, ionas go gcumhachtófar an Coimisiún leis na imthosca sin a chur san áireamh agus é ag measúnú na spriocanna feidhmíochta áitiúla molta le haghaidh TT4 i ndáil lena gcomhsheasmhacht le spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais maidir le hacmhainneacht.

(20) Spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na cost-éifeachtúlachta, arna sloinneadh mar chéatadán, léiríonn siad an t-athrú bliain ar bhliain ar mheán ar fud an Aontais maidir le costas aonaid arna shuí le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach. Ba cheart na réamhshonraí costais agus tráchta le haghaidh TT4 a chuir na Ballstáit isteach i mí an Mheithimh 2023 a úsáid mar cheann de na hionchuir chun spriocanna a leagan amach ar fud an Aontais in éineacht leis an sainanailís réamhbhreathnaitheach ar chostais TT4 agus ar na feabhsuithe féideartha sa chostéifeachtúlacht a d'fhéadfadh a bheith ann a mheasann an Comhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta le haghaidh TT4, de bhun anailís ar neamhéifeachtúlachtaí costais maidir le soláthar seirbhísí aerloingseoireachta.

(21) Ba cheart breithniú a dhéanamh ar idirspleáchas le príomhréimsí feidhmíochta eile. Na spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais le haghaidh TT4 maidir le héifeachtúlacht costais, ba cheart iad a shocrú ar leibhéal a chuirfeadh borradh faoi na feabhsúcháin feidhmíochta oibríochtúla is gá sna príomhréimsí feidhmíochta an chomhshaoil agus na hacmhainneachta. Chuige sin, is gá na costais arna suíomh ar leibhéal uile-Aontais a mhéadú thar TT4 i gcomparáid le TT3, d'fhonn cáilíocht seirbhíse feabhsaithe a chumhachtú, lena n-áirítear beartais maidir le luas a chur faoi earcaíocht agus oiliúint rialtóirí aerthráchta agus infheistíochtaí méadaithe sa teicneolaíocht nua-aimseartha.

([6]) https://www.eurocontrol.int/publication/european-network-operations-plan-2023-2027

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/116 ón gCoimisiún an 1 Feabhra 2021 maidir le bunú Chomhthionscadal a hAon lena dtacaítear le cur chun feidhme an Mháistirphlean Eorpach um Bainistíocht Aerthráchta dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 550/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 409/2013 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 716/2014 ón gCoimisiún, IO L 36, 2.2.2021, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/116/oj.

(22) Ba cheart go bhfanfadh ráta bliantúil mhéaduithe ar chostas arna suíomh in TT4 faoi ráta tuartha fhás an aerthráchta, ionas go gcothófar feabhsaithe breise ar éifeachtúlacht costais agus ar bharainneachtaí scála i soláthar seirbhísí. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí aerloingseoireachta leas a bhaint as na sineirgí atá ar fáil tríd an gcomhar trasteorann chomh maith le trí athruithe struchtúrtha eile maidir le seirbhísí a eagrú agus a sholáthar. Thar an tréimhse ama a chumhdaíonn TT4 agus TT3, ba cheart go mbeadh -1,0 % in aghaidh na bliana i gceist leis an treocht CAAS fhadtéarmach ar fud an Aontais le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach.

(23) Chaill roinnt Ballstát, mar iarmhairt chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, sciar suntasach shreabha aerthráchta a bhíodh seirbhís á sholáthar acu ina leith roimhe sin. Leanann an laghdú tráchta thar TT4 ar tionchar a imirt ar chostéifeachtúlacht sholáthraithe seirbhísí aerloingseoireachta na mBallstát lena mbaineann. In TT3, rinne an Coimisiún amach i gCinntí dá chuid (AE) 2022/2423 ([8]) agus (AE) 2022/2426 ([9]) modh a leagadh amach chun na imthosca eisceachtúla sin a chur san áireamh mar chuid den mheasúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta áitiúla le spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais de bhun Airteagal 11(3)(c) de Rialachán (CE) 549/2004.

(24) Ba cheart an feabhas is dócha a thiocfaidh ar chostéifeachtúlacht le haghaidh TT4 a ríomh ag tosú ón luach bonnlíne ar fud an Aontais, rud a dhíorthaítear as luach bonnlíne ar fud an Aontais le haghaidh na gcostas arna suíomh a roinnt ar réamhaisnéis tráchta bonnlíne STATFOR arna sloinneadh in aonaid seirbhíse le haghaidh na bliana 2024. Ba cheart luach bonnlíne na gcostas arna suíomh ar fud an Aontais a mheas trí úsáid na sonraí is déanaí atá ar fáil maidir le costais iarbhír soláthar seirbhísí aerloingseoireachta in TT3, arna coigeartaíodh ar bhonn réamhshonraí costais le haghaidh na bliana 2024 a fuarthas ó na Ballstáit i mí an Mheithimh 2023 agus ar bhonn meastachán ar leibhéil costas le haghaidh na bliana 2024 a eascraíonn as anailís an Chomhlachta Athbhreithnithe Feidhmíochta. Ba cheart aird a thabhairt ar na héagsúlachtaí tráchta a thuartar le linn na tréimhse ama atá fágtha de TT3 agus ar an mbaint atá acu le costais.

(25) Chun tairsí foláirimh a bhunú, agus má sháraítear na tairsí sin, d'fhéadfadh na Ballstáit athbhreithniú ar spriocanna feidhmíochta na pleananna feidhmíochta a iarraidh, ba cheart breithniú a dhéanamh ar na raonta tráchta a thuartar, ó thaobh aonad seirbhíse faoi bhealach agus gluaiseachtaí IFR de, ó fhás íseal go fás ard, bunaithe ar réamhaisnéis STATFOR Eurocontrol. Baineann roinnt éiginnteacht leis an tréimhse réamhaisnéise fhada go dtí deireadh 2029, go háirithe i ndáil le rioscaí geopholaitiúla, fás eacnamaíoch agus éagsúlacht i sreabha aerthráchta mar a chonacthas le linn TT3 chomh maith le forbairt ceangail eacnamaíocha le margaidh atá ag teacht chun cinn. Ba cheart do na tairseacha foláirimh freastal ar leibhéal réasúnta éagsúlacht tráchta de réir réamhaisnéis tráchta bonnlíne STATFOR a foilsíodh i mí Feabhra 2024, agus féidearthacht a thairiscint do na Ballstáit athbhreithniú ar a bpleananna feidhmíochta a iarraidh sa chás go bhforbraíonn an trácht iarbhír i gcomhréir le réamhaisnéis STATFOR ard nó le réamhaisnéis STATFOR íseal.

(26) I dteannta na spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais, ba cheart grúpaí comparáide sholáthraithe seirbhísí aerloingseoireachta a bhfuil timpeallacht oibríochtúil agus eacnamaíoch chomhchosúil acu a bhunú, chun spriocanna feidhmíochta a mheasúnú i bpríomhréimse feidhmíochta na cost-éifeachtúlachta. Chun na grúpaí sin a bhunú, ba cheart castacht an aerspáis, leibhéil agus éagsúlacht an tráchta, an costas maireachtála, agus leibhéal boilscithe a chur san áireamh.

(27) Thug an Coiste um Aerspás Aonair tuairim dhiúltach. Measadh go raibh gá le gníomh cur chun feidhme agus chuir an cathaoirleach an dréachtphlean cur chun feidhme faoi bhráid an choiste achomhairc ar mhaithe le tuilleadh plé. Níor thug an coiste achomhairc tuairim uaidh,

([8]) Cinneadh (AE) 2022/2423 ón gCoimisiún an 5 Nollaig 2022 maidir le comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe a chuir an tSualainn isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leis na spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais le haghaidh an tríú tréimhse thagartha (IO L 318, 12.12.2022, lch. 116, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/2423/oj).

([9]) Cinneadh (AE) 2022/2426 ón gCoimisiún an 5 Nollaig 2022 maidir le comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe a chuir an Laitvia isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leis na spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais le haghaidh an tríú tréimhse thagartha (IO L 318, 12.12.2022, lch. 147, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/2426/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Raon feidhme

Leis an gCinneadh seo, leagtar síos spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais le haghaidh an líonra um bainistíocht aerthráchta i ndáil leis an gceathrú tréimhse thagartha, tréimhse a chlúdaíonn na cúig bliana féilire 2025 go 2029.

Airteagal 2

Spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta

Spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta mar a shainmhínítear i bpointe 1.1 de Roinn 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, le baint amach faoi dheireadh 2029 ag soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta atá deimhnithe chun seirbhísí a sholáthar, socraítear na spriocanna sin ag leibhéil éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta seo a leanas, arna sloinneadh mar leibhéal cur chun feidhme, i raon idir leibhéil A agus D de chuid Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh:

(a) Leibhéal C ar a laghad sna cuspóirí bainistíochta sábháilteachta maidir le 'cultúr sábháilteachta', 'beartas agus cuspóirí sábháilteachta', 'dearbhú sábháilteachta', agus 'cur chun cinn na sábháilteachta';

(b) Leibhéal D ar a laghad sa chuspóir bainistíochta sábháilteachta maidir le 'bainistiú riosca sábháilteachta'.

Airteagal 3

Spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil

Maidir le spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais le haghaidh phríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil, mar a shainmhínítear i bpointe 2.1 de Roinn 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, sloinnfear iad mar mheán éifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír agus déanfar iad a thomhas mar mheán an fhaid eitilte breise i gcomparáid leis an bhfad mórchiorclach agus ní rachaidh siad thar na céatadáin seo a leanas: 2,80 % in 2025, 2,75 % in 2026, 2,71 % in 2027, 2,68 % in 2028 agus 2,66 % in 2029.

Airteagal 4

Spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta

Spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta mar a shainmhínítear i bpointe 3.1 de Roinn 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, is éard a bheidh sna spriocanna sin meánmhoill i mbainistíocht na sreibhe aerthrách ta ('BSAT') faoi bhealach, atá inchurtha i leith seirbhísí aerloingseoireachta, mar a leanas – meánmhoill darb uasmhéid 0,9 nóiméad in aghaidh na heitilte in 2025, 0,7 nóiméad in aghaidh na heitilte in 2026, 0,6 nóiméad in aghaidh na heitilte in 2027, 0,5 nóiméad in aghaidh na heitilte in 2028 agus 0,5 nóiméad in aghaidh na heitilte in 2029.

Airteagal 5

Spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na cost-éifeachtúlachta

1. Spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na cost-éifeachtúlachta mar a shainmhínítear i bpointe 4.1 de Roinn 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, is éard a bheidh sna spriocanna sin athrú bliain ar bhliain ar mheán ar fud an Aontais maidir le costas aonaid arna shuí le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach de –1,2 % le haghaidh 2025, –1,2 % le haghaidh 2026, –1,2 % le haghaidh 2027, –1,2 % le haghaidh 2028 agus –1,2 % le haghaidh 2029. Ríomhfar an t-athrú bliain ar bhliain ag tosú leis an luach bonnlíne le haghaidh an costas aonaid arna shuí a shocraítear i mír 3.

2. An luach bonnlíne ar fud an Aontais le haghaidh na gcostas arna suíomh, socrófar é ag EUR 7 100 000 000 arna sloinneadh i dtéarmaí réadacha de réir phraghsanna 2022 ('EUR2022').

3. An luach bonnlíne ar fud an Aontais le haghaidh na gcostas arna suíomh, socrófar é ag EUR 55,07 in EUR2022.

Airteagal 6

Íostairseacha foláirimh

1. Féadfaidh na Ballstáit athbhreithniú a iarraidh ar cheann amháin nó níos mó de na spriocanna feidhmíochta atá sna pleananna feidhmíochta, i gcomhréir le hAirteagal 18(1), pointe (a)(i) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, sna cásanna seo a leanas:

(a) an trácht iarbhír, arna thaifeadadh ag Eurocontrol, agus é sin arna thomhas de réir líon na ngluaiseachtaí rialacha um eitilt de réir uirlisí ('IFR') thar bhliain féilire ar leith, tá diallas 10 % idir é agus an trácht arna thuar sa phlean feidhmíochta arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317; nó

(b) an trácht iarbhír, arna thaifeadadh ag Eurocontrol, agus é sin arna thomhas de réir líon na seirbhísí aonaid thar bhliain féilire ar leith, tá diallas 10 % idir é agus an trácht arna thuar sa phlean feidhmíochta arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.

2. Féadfaidh na Ballstáit athbhreithniú a iarraidh ar cheann amháin nó níos mó de na spriocanna feidhmíochta atá sna pleananna feidhmíochta, i gcomhréir le pointe (a)(i) d'Airteagal 18(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, más rud é, maidir leis an athrú ar na luachanna tagartha, de thoradh na nuashonruithe séasúracha ar Phlean Oibríochtaí Líonra de bhun Airteagal 9(4), pointe (a) agus Airteagal 9(8) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/123 ón gCoimisiún, i gcomparáid leis na luachanna tagartha ón leagan is déanaí de Phlean Oibríochtaí an Líonra atá ar fáil tráth tarraingt suas an phlean feidhmíochta, go bhfuil an t-athrú sin chomh mór, ar a laghad, leis an méid seo a leanas:

(a) 0,05 nóiméad de mhoill ATFM faoi bhealach, más lú ná 0,2 nóiméad de mhoill ATFM faoi bhealach an luach tagartha sa Phlean Oibríochtaí Líonra atá ar fáil tráth tarraingt suas an plean feidhmíochta; nó

(b) 0,04 nóiméad de mhoill ATFM faoi bhealach, arna mhéadú faoi 5 % den luach tagartha ón leagan is déanaí de Phlean Oibríochtaí an Líonra atá ar fáil tráth tarraingt suas an phlean feidhmíochta, más rud é go bhfuil an luach tagartha níos mó ná 0,2 nóiméad de mhoill ATFM faoi bhealach nó go bhfuil sé cothrom leis.

Airteagal 7

Grúpaí comparáide

Na grúpaí comparáide de sholáthraithe seirbhísí aerloingseoireachta a bhfuil timpeallacht oibríochtúil agus eacnamaíoch chomhchosúil acu, déanfar iad a shocrú mar a leanas chun spriocanna feidhmíochta a mheasúnú i bpríomhréimse feidhmíochta na cost-éifeachtúlachta:

(a) Grúpa A: soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta na Fraince, na Gearmáine, na hIodáile agus na Spáinne;

(b) Grúpa B: soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta na Cipire, na hÉireann, Mhálta agus na Portaingéile;

(c) Grúpa C: soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta na Bulgáire, na Cróite, na Gréige, na hUngáire, na Slóvaice, na Slóivéine, agus na Rómáine;

(d) Grúpa D: soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta na Seice, na hEastóine, na Laitvia, na Liotuáine agus na Polainne;

(e) Grúpa E: soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta na hOstaire, na Beilge, Lucsamburg, na hÍsiltíre agus na hEilvéise;

(f) Grúpa F: soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta na Danmhairge, na Fionlainne, na hIorua agus na Sualainne.

Airteagal 8

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Meitheamh 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN